ILFHÁS AR AINM CLÚITEACH
(*Cnogba* > *Knowth*, *Craud*, *Ballinacrad*, *Crewbane*)[1]

TÁ trácht ar Chnóbha i scríbhinn sa Ghaeilge ón 9ú haois (Byrne 1967–8:383; féach freisin Ó Cathasaigh 1989:27–38) faoin bhfoirm Cnogba, Cnodba de ghnáth. Pé míniú nó pé bunús atá leis an ainm, tá flúirse fianaise ón luath-Ghaeilge air agus tá an fhoirm cinnte dá réir sin. Is í stair an ainm faoi réimeas na Normannach agus a n-oidhrí is ábhar don aiste seo.

Bunaíodh príomhmhainistir an Oird Chistéirsigh in Éirinn, .i. Mellifont, sa bhliain 1142. Coisreacadh a teampall agus bronnadh talamh agus saibhreas eile ar an mhainistir sa bhliain 1157. Ar an ócáid seo de réir Annála Uladh, bhronn Muircheartach Ó Lochlainn, rí Éireann, baile ar na manaigh ag Droichead Átha, .i. 'Finnabhair-na-n-ingean', maraon le heallach agus seasca uinge óir, agus bhronn Donnchadh Ó Cearbhaill, rí Oiriall, seasca uinge óir orthu agus bhronn Dearbhorghaill Ní Mhaoilsheachlainn seasca uinge óir orthu agus freisin, más fíor do Archdall (1786:479), bhronn sí cailís óir agus gréithre eile altórach orthu. Ba í an Dearbhorghaill seo bean Thiarnáin Uí Ruairc Bhréifne a d'imigh cúig bliana roimhe sin, in 1152, le Diarmaid na nGall (O'Donovan 1856:1102–3) agus a bhí de réir stairithe áirithe ina cúis indíreach le hionradh na Normannach ar Éirinn. Dála an scéil, bhí Tiarnán Ó Ruairc féin i láthair ar ócáid choisreactha theampall na mainistreach. Bhí an t-ord Normannach Cistéirseach ar bun i gceart in Éirinn, mar sin, roimh theacht míleata na Normannach. Fuair Diarmaid Mac Murchú bás in 1171, agus maraíodh Tiarnán Ó Ruairc in 1172. Agus dála Dhearbhorghaille féin is fiú a nótáil anseo, faoi mar a nótáil Annála Uladh, gur sa mhainistir seo Dhroichead Átha a fuair sise bás sa bhliain 1193 in aois 85 bliana.

[1] NODA: AL, Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis; BSM, Boundary Sketch Map (an Chartlann Náisiúnta); CDI, *Calendar of documents relating to Ireland . . ., 1171–[1307]* I–V (eag. H. S. Sweetman, G. F. Handcock, London 1875–86; athchló, Nendeln 1974); CGn, Clárlann na nGníomhas (Registry of Deeds), Baile Átha Cliath [tagairtí de réir leabhair, leathanaigh agus gníomhais]; CJR, *Calendar of the Justiciary Rolls . . . of Ireland . . .: Edward I* [1295–1307] I–II (eag. J. Mills, Dublin 1905–1914) and *Calendar of the Justiciary Rolls . . . of Ireland . . .: I to VII years of Edward II* [1308–1314] (eag. H. Wood, A. E. Langman; leasaithe M. C. Griffith, Dublin [1956]); CPR, *Irish Patent Rolls of James I; facsimile of the Irish Record Commissioners' calendar prepared prior to 1830* (foreword M. C. Griffith, Dublin 1966); Fiant, ó 'Calendar to Fiants . . .', Henry VIII – Elizabeth I, 7th–22nd Reports of the Deputy Keeper of the Public Records in Ireland, 1875–90; Inq.Lag., *Inquisitionum in Officio Rotulorum Cancellariae Hiberniae . . . repertorium*: I. Lagenia (Dublin 1826); MA, R. Dodsworth and G. Dugdale, *Monasticon anglicanum* II (Londinum 1661); LSO, Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis; ÓC, leagan Gaeilge d'ainm san AL agus é scríofa le dúch ag Tomás Ó Conchubhair; ÓD, leagan d'ainm san AL agus é scríofa ag Seán Ó Donnabháin; pl, leagan Gaeilge d'ainm san AL agus é scríofa le peann luaidhe; R.Pat.Cl., *Rotulorum Patentium et Clausorum Cancellariae Hiberniae calendarium* I Hen. II – Hen. VII (eag. E. Tresham, Dublin 1828).

 © Institiúid Ard-léinn Bhaile Átha Cliath 1990

Maidir le mainistir na gCistéirseach i nDroichead Átha, An Mhainistir Mhór mar a tugadh níos déanaí uirthi, cuireadh ar bhonn níos láidre fós í nuair a bhronn rí Shasana a lán tailte breise uirthi sa bhliain 1177 (Archdall 1786:480) agus tuilleadh arís sa bhliain 1203. As sin go dtí gur scor rí Shasana na mainistreacha sa bhliain 1541 bhí lear mór den talamh siar ó Dhroichead Átha, mar aon le tailte eile agus cearta éagsúla eile ar nós cearta iascaireachta ar na haibhnte, i seilbh Mhellifont.

Go bunúsach, is cosúil gur bronnadh tailte fairsinge uirthi in 1177 ar dhá thaobh na Bóinne agus ar dhá thaobh na Máiteoige a shníonn isteach sa Bhóinn ón taobh thuaidh, cúig chiliméadar siar ó lár Dhroichead Átha an lae inniu. Is féidir an chuid is mó de na 14 réimse talaimh a luaitear i ndeontas 1177 a aithint inniu mar ainmneacha ar bhailte fearainn. Tá Cnóbha ina measc sin. Is cosúil go bhfreagraíonn an chéad cheithre ainmneacha do bhruach na Bóinne agus na Máiteoige ar an taobh ó thuaidh, an chéad chúig eile do bhruach na Bóinne ar an taobh ó dheas agus an chúig dheireannach do thalamh i ngabhal an dá abhann. Mar is léir ar an léarscáil is sa ghabhal sin atá Cnóbha agus freisin Sí an Bhrú agus Dubhadh. Gan amhras tá bailte fearainn ann inniu i limistéar ginearálta an deontais ar léir gurb ainmneacha iad a cumadh i bhfad níos déanaí, agus is dócha gur féidir glacadh leis dá bhrí sin gur fairsingí achar chuid de na seanaonaid ná achar na mbailte fearainn a bhfuil ainmneacha na seanaonad anois orthu.

Deir Seán Ó Donnabháin (O'Donovan 1862:iv n. 18) gur dócha go raibh Cnóbha mar ainm ar an réigiún a dtugtar barúntacht Shláine Uachtarach air. Freagraíonn an bharúntacht sin do limistéar atá laistigh de ghabhal na Bóinne agus na Máiteoige agus a shíneann beagnach fiche ciliméadar siar ó chomhrac na n-abhann. Tharlódh go raibh an ráiteas sin Uí Dhonnabháin fíor tráth dá raibh faoi mar a ainmnítear Contae Bhaile Átha Cliath inniu ón gcathair féin. Ní móide, ámh, go raibh sé fíor sa 12ú haois ós rud é go bhfuil Cnóbha liostaithe i measc na 14 réimse talaimh a bronnadh ar na manaigh agus ar bailte fearainn inaitheanta iad go léir beagnach inniu.

KNOWTH

Seo leanas an fhianaise ar Chnóbha atá cruinnithe as foinsí nach foinsí Gaeilge:

1177	Cnogva, grange	Archdall 1786:480
1185–6	Cnogva	Smith 1846:159
1238	Cnogna	MA II:1030a
1253	Cnogvam'	CDI II:26
1306	Knouthe	CJR II:322
1349	Cnogna	MA II:1030b
[1349?]	Knouthe	MA II:1030b
1359	Cnowyth	R.Pat.Cl. 79/95
1359	Cnowyth	R.Pat.Cl. 79/118

1380	Knothe	R.Pat.Cl. 108/35
(1176)	Cnomodh (caislen a C.)	Ó hInnse 1947:60[2]
1541	Knoythe	White 1943:218
1541	Kinoythe	Archdall 1786:487
1541	Knoythe	Fiant 254
1551	Knoithe	Fiant 779
1566	Knoyth	Fiant 889
1605	Knoithe	CPR 68a
1612	Knowthe otherwise Noyth	CPR 230b
1620	Knowthe alias Knoithe	CPR 462a
1628	Knowth	Inq.Lag. 40
1654	Knowth	Simington 1940:352/15
1812	Nowthe (2)	Larkin 1812
1836	Nowth	AL ó BSM
	cnu	AL:pl, ÓC
	cnu dubh and bán	AL:pl, ÓC
	cru	AL:pl, ÓC
	móta chnu	AL:pl, ÓC
	cnu dubh, crú – by some	AL:dúch, ÓC
	Knowthduff	AL:ÓD
	Knowth	AL:ÓD
1836	Knowth called by the Irish Knoo-wa	LSO 58/152

CRAUD, BALLINACRAD

Tá mionchur síos ag George Eogan (1967–8) ar an tochailt a rinneadh ar Chnóbha sna blianta 1962–5. Ag gabháil leis an bpáipéar sin tá aguisín leis an Ollamh Francis John Byrne a thugann léargas cuimsitheach ar Chnóbha mar a thráchtar sa stair ar an ionad clúiteach sin. Ag fíordheireadh an aguisín tá an ráiteas seo:

> Dr Price, however, draws attention to the name 'Craud' which appears on the Ordnance Survey map between Knowth and Dowth, and wonders whether it is an old name. Could it possibly be a by-form of Knowth, showing the common substitution of *cr* for *cn*? (Byrne 1967–8:400 n. 71).

In ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis do pharóiste Dubhadh / Dowth, i mbarúntacht Shláine Uachtarach i gContae na Mí, deirtear 'The only village [is é sin, sa pharóiste] is Craud' (AL:21). Agus léitear 'A hamlet of about 12 houses all ground floor mud houses thatched. It is about 28 perches N[orth] of the road from Slane to Drogheda' (ibid.:11). Tá an láthair sin ainmnithe ar na léarscáileanna sé orlaigh in aghaidh an mhíle in eagráin 1836 agus 1912.

[2]Tá an fhoirm Ghaeilge seo i scríbhinn ón 15ú haois atá faoi thionchar foinsí Normannacha.

Ar leathanach 'Craud' san ainmleabhar bhíodh bileog bheag páipéir greamaithe le dhá bhlúire de chéir séalaithe. Tá an bhileog sractha anois de agus í scaoilte. An méid seo uirthi i ndúch:

> There is a village in Dowth Pa[rish] called Crawd so spelled to me, the meaning of which I was told is The Coffin Town. At the back of one of the houses is a large mass of Greenstone, one of the erratic blocks.[3] May not therefore the orthography be derived from *crúad* a stone; if so, is the English spelling to be *croad*. I should like to know this before I put the name on the plan.
> H[enry] Tucker L[ieutenant] R[oyal] Eng[inee]rs
> 10 Feb[ruary] 1836
> [chuig] L[ieutenan]t Larcom

Nótaí air sin mar leanas: (1) 'What say you? / T[homas] A[iskew] L[arcom] / 11 Feb[ruary 18]36 / [chuig] Mr O'Donovan'. (2) '*Cruad is not a stone. I think it is better to write it Craud. / J[ohn] O'D[onovan]'. (3) '*Vide O'Brien's Irish Dictionary, 2nd Edition p. 135: Crúad, a stone as stated on the 1st page. / H[enry] Tucker / L[ieutenant] R[oyal] Eng[inee]rs / 8 June 1836'. Agus iad seo le peann luaidhe: (4) 'I have heard it pronounced (quasi) Crá-idh by persons resident in it. / H[enry] T[ucker]'. (5) '*Scoffin town* not *Coffinstown* / at the back of Hugh Brien's house'. Is cosúil gurb é Tomás Ó Conchubhair, cúntóir Sheáin Uí Dhonnabháin sa pháirc, a scríobh (5), agus tá 'Hugh Brien in Cnaid' le peann luaidhe aige ar an leathanach innéacsa san ainmleabhar.

Is é *Crade Village* a mhol Ó Donnabháin ar dtús mar litriú Béarla ach tá líne curtha tríd sin agus *Craud* scríofa os a chionn.

Mar seo a thráchtar ar an ainm sa ghnáthbhealach san ainmleabhar (lch 11):

1836	Craud, village	AL:received name
	craud	AL:orthography
	crááid	AL:pronunciation
	baile na cráide	AL:pl
	balli-ne-crade (popular spelling)	AL:pl
	Baile na cráide [*cnaide* os a chionn]	AL:dúch

Is cosúil ón méid sin gurbh ionann Craud agus Ballinacrad.

Leathmhíle soir ó dheas ó Craud ar léarscáil 1912 agus fós i mbaile fearainn Dhubhadh/Dowth tá *Ballinacrad* ina ainm ar theach, mar a dheimhnítear in ainmleabhar athbhreithnithe na Suirbhéireachta (1909): 'applies to a private residence'. Bíodh nár cuireadh *Ballinacrad* ar an léarscáil go dtí tús an 20ú haois, agus nach raibh an teach a luaitear ar eagrán 1836 dén léarscáil, bhí an t-ainm in úsáid go luath sa 18ú haois. Is ionann go bunúsach, dar liom, an dá ainm *Craud* agus *Ballinacrad* agus is suimiúil an chaoi inar fhás an dá ainm le hais a chéile.

[3] Tá an chloch marcáilte ar dhréachtléarscáil na Suirbhéireachta don pharóiste, 1836.

Seo leanas an fhianaise stairiúil atá tiomsaithe ar Ballinacrad:

1725	Ballynecrede (the village of)	CGn 46.397.29128
1733	Ballonacrada	CGn 72.526.51831
1736	Ballynacrade (the village of)	CGn 86.69.59336
1749	Ballynecrade (town and lands of)	CGn 136.503.92249
1776	Ballynecrada (town and lands of . . . Ballynacrad)	CGn 315.124.208980

Bhí an Bíocúnta Netterville páirteach mar thiarna talaimh i ngach gníomhas díobh sin thuas agus beidh trácht arís ar mhuintir Netterville anseo ar ball. I gcás ghníomhas 1776 de is gá iomlánú a dhéanamh ar an tagairt: 'That part of the town and lands of Ballynecrada otherwise Scoffingtown otherwise Scaffoldstown otherwise Scaffoldtown otherwise Ballynacrad then in the possession of Francis Berril and Andrew Maguire'.

Ní léir cé acu an bhfuil gaol brí nó eile idir *Craud*, *Ballinacrad*, agus na hainmneacha aisteacha sin *Scoffingtown* agus *Scaffoldstown*. Is furasta an focal *croch*, mar shampla, a shamhailt in éirim aistriú teanga sa chás seo. Agus féach mar atá *The Coffin Town* ag lucht na Suirbhéireachta Ordanáis in 1836.

Níor aimsíodh aon fhianaise ar an ainm *Craud* mar logainm ar leith níos luaithe ná na tagairtí i gcáipéisí na Suirbhéireachta Ordanáis. Is cosúil, mar sin, gurb ionann 'the village of Ballynecrede' (CGn 1725), 'the village of Ballynacrade' (CGn 1736) agus 'Craud, village' (AL 1836). *Scoffingtown* an t-ainm atá ar léarscáil Larkin (1812) in áit Craud agus tá an chuma ar an scéal ó shuíomh an tsráidín ar an léarscáil gur seansráidbhaile é a fágadh ar leataobh nuair a tógadh bóthar nua – am éigin san 18ú haois is dócha. Deirtear in ainmleabhar pharóiste Dhubhadh gur sa pharóiste sin a bhí sráidbhaile Craud suite, ach más ea is ar éigean é. Tá sé an-ghar do theorainn thoir an pharóiste i dtreo Chnóbha, mar is léir ar an léarscáil.

PARÓISTE DHUBHADH/DOWTH

Aonad neamhghnách is ea Dubhadh/Dowth, a thugann ainm don pharóiste lena bhfuil Craud luaite. Tá trácht ar an ainm in Annála Uladh faoin mbliain 863 (Mac Airt agus Mac Niocaill 1983:318–19). Faoin mbliain 1170 in Annála Ríoghachta Éireann deirtear gur loisceadh é mar aon le háiteanna eile sa Mhí (O'Donovan 1856:1176–7). Is é atá in Dubhadh réimse talaimh timpeall ceithre chiliméadar ar fad atá i bhfíorghabhal na Bóinne agus na Máiteoige, agus tar éis mhaoiniú fhlaithiúil Mhainistir Mhellifont sa bhliain 1177 fágadh Dubhadh mar a bheadh ina oileán i gcroí-lár tailte na mainistreach sin atá in abhantrach an dá abhann (Conway 1958:léarscáil I). Bhronn Hugo de Lacy Dubhadh ar phrióireacht Aibhistíneach Llandewi Nant Hodni / Llanthony, sa Bhreatain Bheag, timpeall na bliana 1185 (Brooks 1953:xvi) agus lean Dubhadh ina seilbh sin go dtí deireadh an 13ú haois (CDI II:5, 1292–3).

Sa bhliain 1306 tá trácht ar mhainéar Dhubhadh a bheith ag Nicholas Netterville (CJR I:176) agus, mar a chonacthas thuas, bhí muintir Netterville fós ann san 18ú haois.

Sa 17ú haois áiríodh Dubhadh ina pharóiste ann féin, bíodh nach raibh ach dhá bhaile fearainn ann, Dubhadh a bhí an-mhór agus Baile an Phrútartaigh / Proudfootstown in oirthear an pharóiste agus é measartha beag. Deirtear i Civil Survey 1654 go raibh Dubhadh ar fad beagnach i seilbh 'Sir John Netterville of Dowth, Irish Papist'. De réir an tsuirbhé chéanna bhí a lán de na tailte sa dúthaigh sin a bhíodh i seilbh Mhellifont tráth ag 'Lord Charles Moore of Mellifont Protestant proprietor'. Bhí Cnóbha ina measc siúd, gan amhras.

SeanGhaill Chaitliceacha ba ea muintir Netterville agus iad san áit ón 13ú nó 14ú haois. NuaGhaill Phrotastúnacha a bhí i muintir Moore, a tháinig isteach sa 16ú haois agus a fuair seilbh ar thailte Mhellifont sa bhliain 1566.

Is í an cheist atá le réiteach an bhféadfadh an difríocht ó thaobh creidimh de a bhí idir tiarna talaimh Dhubhadh/Dowth agus tiarna talaimh Chnóbha/Knowth a bheith ina chúis le foirmeacha difriúla den ainm a bheith i réim le hais a chéile. Go háirithe tá an cheist ann an ionann *Craud* na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-ainm Knowth. An bhfuil traidisiúin éagsúla teanga anseo?

Samhlaítear domsa gurb é atá in *Craud* agus in *Ballinacrad* foirm athGhaelaithe de *Knowth* agus a leithéid ar foirm Bhéarlaithe é féin den bhunfhoirm Ghaeilge Cnóbha (< Cnogba). Chiallódh an tuiscint seo ar an scéal, más fíor dó, go dtáinig an Ghaeilge ar ais i réim i ndúthaigh Bhéarlaithe am éigin idir an 15ú haois agus tús an 18ú haois. Bheadh an t-athrú *kn* go *kr* nádúrtha i ngluaiseacht chomónta den sórt nuair a chuirtear an tréimhse agus an ceantar san áireamh.

Tá Cnóbha inniu ina bhaile fearainn measartha beag (313 acra, 127 heicteár) agus suite ann tá an dumha mór adhlachta a tógadh cúig mhíle bliain ó shin. Tá sé seo míle siar, ámh, ó shráidbhaile Craud, atá suite, mar a dúradh thuas, i bparóiste agus i mbaile fearainn Dubhadh. Ní amháin sin ach tá bailte fearainn eile fós anois idir Cnóbha agus Dubhadh, mar atá, Baile Pheadac / Balfeddock agus cuid de bhaile fearainn Sí an Bhrú / Newgrange. Tá fianaise againn ó 1349 (Archdall 1786:482) ar an dá bhaile fearainn sin, ach is dócha nach bhfuil siad mar aonaid agus mar ainmneacha morán níos sine ná an dáta sin. Pé scéal é, tá siad i bhfad níos óige mar ainmneacha ná Cnóbha agus Dubhadh, agus is dócha gur féidir glacadh leis go raibh Cnóbha agus Dubhadh comhtheorainneach tráth.

CREWBANE

Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis tá baile fearainn ar a bhfuil *Crewbane* de réir litriú Béarla na Suirbhéireachta. Tá an baile fearainn seo teorainneach le Cnóbha ar an taobh thoir dó agus le Sláine ar an taobh thiar dó. Cé gur fairsinge é ná baile fearainn Cnóbha, 368 acra

(149 heicteár) in aghaidh 313 acra (126 heicteár), ní luaitear é ar chor ar bith i Civil Survey 1654. Deirtear sa suirbhé sin 'the towne, mannor and lands of Slane aforesaid, are bounded on the east with the lands of Knowth and Cashell'. Baile fearainn is ea An Caiseal / Cashel inniu agus is cosúil mar sin gur cuid de sheanbhaile fearainn Cnóbha atá sa Crewbane seo. Tacaíonn an líon acraí a chuirtear síos do Chnóbha sa Civil Survey leis an tuairim seo. Is gnách timpeall 40% de líon acraí an lae inniu a bheith i dtomhas an Civil Survey sa cheantar seo. De réir an choibhnis sin d'fhreagródh an 253 acra a áirítear faoi Chnóbha i 1654 do 632 acra sa lá inniu. Má shuimítear Cnóbha agus Crewbane inniu is é 368 móide 313 an t-iomlán .i. 681 acra.

Níor aimsíodh fianaise is luaithe ná 1801 ar an ainm seo. Tuairiscítear sa bhliain sin gur chaill Edward Berill 'of Newgrange' cúis dlí le Patrick Keating agus luaitear 'the lands of Knowth otherwise Croobawn' (CGn 561.15.372620). Sa bhliain 1803 luann William Berrill 'my lands of Crobawn' (CGn 550.419.366125). An bhliain chéanna sin 1803 i gconradh idir Robert Colello (Costello?) 'of Janeville' i mbaile fearainn Sláine/Slane agus William Berrill 'of Knowth' luaitear the 'lands of Croobawn otherwise Knowth' (CGn 555.238.371176). Is léir nach ionannas is ciall do *otherwise* anseo ach cuidíochas, is é sin, gur tuigeadh go bhféadfaí féachaint ar Croobawn mar chuid de Chnóbha agus nach raibh stadas iomlán neamhspléach mar bhaile fearainn bainte amach ag Croobawn fós ag an am sin.

San ainmleabhar faoin ainm Crewbane tá scríofa ag Tomás Ó Conchubhair, cúntóir Sheáin Uí Dhonnabháin, *cnú bán* le peann luaidhe agus arís *cnú bán* le dúch. *Cnoghbha bán*, *white Knowth* a scríobh Ó Donnabháin féin san ainmleabhar agus an nóta seo leanas le cois: 'Cnoghbha is vulgarly pronounced Cru here but the names should not be made different in the two divisions of the same townland'.

Is é *Knowthbane* a mhol Seán Ó Donnabháin ar dtús mar litriú Béarla ar an bhaile fearainn seo san ainmleabhar ach tá líne tríd an litriú sin agus tá *Crewbane* scríofa ós a chionn i ndearg.

Is léir go raibh Ó Donnabháin ag iarraidh foirm Bhéarla a mholadh a thiocfadh leis an bhfíoras teanga, dar leis, ach is léir chomh maith gur gheall le hathrú iomlán ainm í an fhoirm Bhéarla a mhol sé, mar go gcothódh sé fuaimniú a bheadh difriúil go maith ón bhfoirm dá seasann *Crewbane* agus *Crobawn* agus *Croobawn* mar atá i bhfianaise Chlárlann na nGníomhas. Níor ligeadh a cheann le hÓ Donnabháin sa chás seo.

SUIMIÚ

Tá foirmeacha éagsúla againn, mar sin, ar an ainm seanda seo, ainm nach fios, dáiríre, cé chomh sean is atá sé. (Is deacair liomsa a chreidiúint nach ainm réamhCheilteach é.)

(a) Tá *Cnogba*, *Cnodba* ann ó ré na seanGhaeilge agus tá *Cnóbha* airsean inniu mar ghnáthleagan Gaeilge.

(b) Bhí an fhoirm *Knouthe* air, mar Bhéarla is dócha, sa bhliain 1306

agus is deacair mura raibh sé sin faoi thionchar *Louthe* agus *Louethe*, a bhí mar fhoirmeacha Béarla go luath sa 14ú haois ar *Lughmhagh* (agus foirmeacha gaolmhara), an contae a bhfuil Lú inniu air. Is fiú a mheabhrú, chomh maith, go bhféadfadh an baile *Louth* i Lincolnshire i Sasana tionchar a bheith aige ó thús ar litriú an chontae sin ag na Normannaigh. Maidir le *Dowth* a bheith ar *Dubhadh*, tagann sé sin go maith leis an ainm Gaeilge. Caomhnaítear an *-th* i ndeireadh chuid mhór logainmneacha i mBéarla i dtuaisceart Chúige Laighean. Chomh maith lena bhfuil luaite cheana féach *Meath*, *Howth*, *Ratoath*, *Grangegeeth*, *Ardcath*, *Omeath* agus an focal Gaeilge *ráth* i dtús agus i ndeireadh ainmneacha. Is dócha go dtáinig an fhoirm *Knouthe* ó fhoirm éigin mar [knovə] (ag freagairt do *Cnogba*, *Cnodba*) agus gur fhás an foirceann le *-th* faoi thionchar na n-ainmneacha eile den tsórt a luadh. Thit sé seo amach sa 14ú haois ar a dhéanaí, de réir dealraimh. Seachas *Noyth* sa bhliain 1612 ní fheictear rian de dheacracht ag na Béarlóirí le *kn-*.

(c) Tá *Ballinacrad* sa bhfianaise ón 18ú haois agus ón 20ú haois.

(d) Tá *Crad*, *Craud* sa bhfianaise sa 19ú haois agus is ríshuimiúil é an léiriú ar ' "*ó*" – tréith chonspóideach' (Mac Éinrí [1983]). AthGhaelú é seo, dar liom, ar *Knowth* an traidisiúin Bhéarla.

(e) *Crewbane*, *Crobawn*, *Croobawn*. Ní bhfuarthas fianaise scríofa ar an bhfoirm seo go dtí an 19ú haois. An é nach raibh sé ann sa chaint roimhe sin? Deacair é sin a chreidiúint. Is é is dócha gurb é seo traidisiún leanúnach sinsearach na Gaeilge agus *kn/kr* ag luascadh mar is dual dó sa dúthaigh seo agus mar a fheictear in Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis.

Tá ceithre foirmeacha eagsúla den aon ainm againn i dtraidisiún an Bhéarla dar liom, *Knowth* ar baile fearainn é, *Crewbane* ar baile fearainn é, *Craud* ar ainm sráidbhaile é agus *Ballinacrad* ar ainm tí é.

Ní neamhghnách ar chor ar bith éagsúlacht traidisiún i gcás logainmneacha i mbéal an phobail agus go háirithe nuair a bhíonn níos mó ná an t-aon teanga amháin ag obair ar an ainm. Féach mar shampla Ceanannas, 30 ciliméadar siar ó Chnóbha. *Ceanannas na Mí* a deirtear leis. I dtaobh an chloigthí ar an mbaile sin dúradh ag tús na 19ú haoise 'It is called by the country people "Clugash Kanadus" [.i. Clogás Cheanannais], which signifies "the Belfry of Kells" ' (Thompson 1802:xi). I súile an ghnáthdhuine ní ró-chosúil lena chéile atá an dá fhoirm sin *Kanadus* agus *Kells* i gcomhthéacs Béarla. Mar an gcéanna, dar liom, leis na foirmeacha *Knowth*, *Balllinacrad*, *Craud* agus *Crewband*: ní léir go coitianta anois gur don aon bhunainm Gaeilge *Cnóbha* a sheasann siad.[4]

[4]Táim buíoch de Stiúrthóir na Suirbhéireachta Ordanáis as ceadú dom an t-alt seo a fhoilsiú. Táim buíoch de mo chomhleacaí, Nollaig Ó Muraíle, as a chomhairle agus as a chabhair agus de Vincent Steadman as an léarscáil a tharraingt.

TAGAIRTÍ

Archdall, M. 1786. *Monasticon Hibernicum* I (Dublin)

Brooks, E. St John. 1953. *The Irish cartularies of Llanthony prima and secunda* (Dublin)

Byrne, F. J. 1967–8. 'Historical note on Cnogba (Knowth)', aguisín (lgh 383–400) le Eogan 1967–8

Conway, Fr C. 1958. *The story of Mellifont* (Dublin)

Eogan, G. 1967–8. 'Excavations at Knowth, Co. Meath, 1962–1965', *Proceedings of the Royal Irish Academy* 66 C:299–382

Larkin, W. 1812. *A map of the county of Meath in the province of Leinster in Ireland by William Larkin 1812* (Dublin 1817)

Mac Airt, S., agus G. Mac Niocaill. 1983. *The Annals of Ulster (to A.D. 1131)* I (Dublin)

Mac Éinrí, E. [1983]. ' "Ó" – tréith chonspóideach', in *Meascra Uladh* II (eag. M. Ó Máirtín, [Béal Feirste]) 114–21

Ó Cathasaigh, T. 1989. 'The eponym of *Cnogba*', *Éigse* 23.27–38

O'Donovan, J. 1856. *Annála ríoghachta Éireann : Annals of the kingdom of Ireland by the Four Masters* II (Dublin)

———. 1862. *The topographical poems of John O'Dubhagain and Giolla na Naomh O'Huidhrin* (Dublin)

Ó hInnse, S. 1947. *Miscellaneous Irish Annals* (Dublin)

Simington, R. C. 1940. *The Civil Survey, A.D. 1654–1656* V: County of Meath (Dublin)

Smith, A. 1846. 'Original charter granted by John, Lord of Ireland, to the Abbey of Mellifont', in *The miscellany of the Irish Archæological Society* I (Dublin) 158–60

Thompson, R. 1802. *Statistical survey of the county of Meath* (Dublin)

White, N. B. 1943. *Extents of Irish monastic possessions, 1540–41* (Dublin)

ART Ó MAOLFABHAIL

Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis